**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2001**

# GAEILGE - ARDLEIBHÉAL

# PÁIPÉAR II

**(180 marc)**

**DÉ hAOINE, 8 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go dtí 12.50**

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.)

**Gach ceist (1, 2, 3 agus 4) a fhreagairt.**

**Nóta:** *Maidir le Ceist 1 (Prós) agus le Ceist 3 (Filíocht), rogha idir cúrsa ainmnithe (prós ainmnithe / filíocht ainmnithe)* ***agus*** *cúrsa roghnach (prós roghnach / filíocht roghnach) atá i gceist anseo. Níor mhór don iarrthóir a roghnaíonn* ***an cúrsa ainmnithe, A*** *(Prós Ainmnithe) i gCeist 1* ***agus A*** *(Filíocht Ainmnithe) agus* ***C*** *(Dánta Dualgais Breise) i gCeist 3 a fhreagairt. Níor mhór don iarrthóir a roghnaíonn* ***an cúrsa roghnach, B*** *(Prós Roghnach) i gCeist 1* ***agus B*** *(Filíocht Roghnach) agus* ***C*** *(Dánta Dualgais Breise) i gCeist 3 a fhreagairt.*

## CEIST 1 - PRÓS - [40 marc

Freagair **A** (Prós Ainmnithe) **nó** **B** (Prós Roghnach) anseo.

### A - PRÓS AINMNITHE - (40 marc)

Freagair **(a)** **agus** **(b)** anseo.

**(a)** "Is iad na mná na pearsana is láidre sa scéal béaloidis, *Clann Lir*."
Déan plé **gairid** air sin. (25 mharc)

**NÓ**

Déan plé **gairid** ar a éifeachtaí, dar leat, is a léirítear téama an ghrá sa ghearrscéal, *Fiosracht Mhná*. (25 mharc)

**(b)** Maidir leis an dráma, *An Lasair Choille*, déan plé **gairid** ar an bpáirt atá ag Séamas sa dráma sin. (15 mharc)

**NÓ**

Maidir leis an dráma, *An Lasair Choille*, déan plé **gairid** ar do rogha **dhá cheann** de na ceannteidil seo a leanas:-
(i) buntéama an dráma; (ii) críoch an dráma; (iii) an úsáid a bhaintear as an éan, an lasair choille, sa dráma;
(iv) an ghné is mó den dráma a chuaigh i bhfeidhm orm. (15 mharc)

### B - PRÓS ROGHNACH - (40 marc)

Freagair **(a)** **agus** **(b)** anseo.

**(a)** Maidir le scéal béaloidis (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), déan plé **gairid** ar an léiriú a dhéantar ar bhanlaoch (**nó** ar laoch) sa scéal béaloidis sin.

[Ní mór teideal an scéil bhéaloidis sin mar aon le hainm an údair/scéalaí a bhreacadh síos go cruinn.] (25 mharc)

**NÓ**

Maidir le gearrscéal (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), luaigh an príomhthéama ann agus déan plé **gairid** ar a éifeachtaí, dar leat, is a léirítear an príomhthéama sin.

[Ní mór teideal an ghearrscéil sin mar aon le hainm an údair a bhreacadh síos go cruinn.] (25 mharc)

**(b)** Maidir leis an sliocht as dráma (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), déan plé **gairid** ar an bpáirt atá ag pearsa **amháin** de na príomhphearsana sa dráma sin. (15 mharc)

[Ní mór teideal an dráma sin mar aon le hainm an údair a bhreacadh síos go cruinn.]

**NÓ**

Maidir leis an sliocht as dráma (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), déan plé **gairid** ar do rogha **dhá cheann** de na ceannteidil seo a leanas:-
(i) buntéama an dráma; (ii) críoch an dráma; (iii) an úsáid a bhaintear as siombail (**nó** as meafar) sa dráma; (iv) an ghné is mó den dráma a chuaigh i bhfeidhm orm.

[Ní mór teideal an dráma sin mar aon le hainm an údair a bhreacadh síos go cruinn.] (15 mharc)

| CEIST 2 | - PRÓSTÉACS BREISE - | [ 40 MARC] |
|---|---|---|

Freagair do rogha ceann **amháin** de **A, B, C, D** anseo thíos.

## A - GEARRSCÉALTA - (40 marc)

Freagair **(a)** **nó** **(b)** anseo thíos.

**(a)** **SCOTHSCÉALTA** (40 marc)

**(i)** "Cé go mbíonn an grá mar théama ag Pádraig Ó Conaire i roinnt dá chuid scéalta ní minic a bhíonn an t-aoibhneas mar thoradh ar an ngrá sin."
É sin a phlé i gcás **ceann amháin** de na scéalta seo: *Teatrarc na Gaililí; M'Fhile Caol Dubh*.

**NÓ**

**(ii)** "Uaigneas agus aonaránacht an duine atá mar bhuntéama i gcuid mhaith de na scéalta sa leabhar seo."
É sin a phlé i gcás do rogha **ceann amháin** de na scéalta úd.

**(b)** **CNUASACH GEARRSCÉALTA ROGHNACH** (40 marc)

**(i)** Maidir le gearrscéal ar bith as do chnuasach roghnach, déan plé ar an léiriú a dhéantar ar fhadhb atá ag pearsa éigin ann agus ar an gcaidreamh a bhíonn idir an phearsa sin agus na pearsana eile sa ghearrscéal dá barr.
[Ní mór teideal an ghearrscéil sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

**NÓ**

**(ii)** Maidir le gearrscéal ar bith as do chnuasach roghnach, déan plé ar **dhá cheann ar bith** de na gnéithe seo a leanas:- tús an scéil agus an chaoi a gcuidíonn sé le struchtúr an scéil; an léargas ann ar chruachás an duine aonair; buaicphointe an scéil agus an chaoi a ndeachaigh sé sin i bhfeidhm ort; forbairt an phríomhthéama ann; an fhorbairt a dhéantar ann ar charachtar na príomhphearsan.
[Ní mór teideal an ghearrscéil sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

## B - ÚRSCÉALTA - (40 marc)

Freagair **(a)** **nó** **(b)** anseo.

**(a)** **MÁIRE NIC ARTÁIN** (40 marc)

**(i)** "Tugtar léargas an-mhaith san úrscéal seo ar laige an duine aonair agus é/í ag coimhlint leis an gcultúr polaitiúil atá timpeall air/uirthi."
É sin a phlé.

**NÓ**

**(ii)** "Glacann na mionphearsana san úrscéal seo páirt fhíorthábhachtach in imeachtaí an úrscéil, go háirithe ag amanna cinniúnacha (tábhachtacha) sa scéal.
É sin a phlé i gcás do rogha **beirt** díobh seo a leanas: Gilbert; Eoin; Frainc Mac Mathúna.

**(b)** **ÚRSCÉAL ROGHNACH** (40 marc)

**(i)** "Is minic léiriú cumasach in úrscéal ar choimhlintí pearsanta agus sóisialta."
É sin a phlé maidir leis an úrscéal roghnach a ndearna tú staidéar air.
[Ní mór teideal an úrscéil sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

**NÓ**

**(ii)** Maidir leis an úrscéal roghnach a ndearna tú staidéar air, déan plé ar an bpáirt thábhachtach a ghlac do rogha **beirt** de na mionphearsana ann agus ar an gcaoi ar chuidigh siad le téama an úrscéil a chur chun cinn.
[Ní mór teideal an úrscéil sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

## C - DÍRBHEATHAISNÉISÍ - (40 marc)

Freagair **(a)** **nó** **(b)** anseo.

**(a)** **A THIG NÁ TIT ORM** (40 marc)

**(i)** " 'Táim pósta leis an bhfear sin le breis agus fiche bliain,' arsa mo mháthair, 'agus ní raibh a fhios agam go raibh port ina chorp.' "

Déan plé ar an léiriú a dhéanann Maidhc Dainín ar a thuismitheoirí agus ar a dheartháir, Dónall, sa dírbheathaisnéis seo.

**NÓ**

**(ii)** Déan plé ar an **dá** thréith is mó, dar leat, a bhain le Maidhc Dainín faoi mar a léirítear sa saothar seo iad.

**(b)** **DÍRBHEATHAISNÉIS ROGHNACH** (40 marc)

**(i)** Maidir leis an dírbheathaisnéis roghnach a ndearna tú staidéar uirthi, déan plé ar a éifeachtaí, dar leat, is a dhéantar léiriú inti ar óige an údair.
[Ní mór teideal na dírbheathaisnéise sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

**NÓ**

**(ii)** Maidir leis an dírbheathaisnéis roghnach a ndearna tú staidéar uirthi, déan plé ar **dhá cheann** de na ceannteidil seo a leanas:- eachtra spéisiúil a tharla; deacracht phearsanta a bhí ag an údar agus an chaoi a ndeachaigh an t-údar i ngleic léi; an léargas a fhaightear ar phearsantacht an údair; an grá i saol an údair; bua na tráchtaireachta (nó na scéalaíochta) a léiríonn an t-údar.
[Ní mór teideal na dírbheathaisnéise sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

## D - DRÁMAÍ - (40 marc)

Freagair **(a)** **nó** **(b)** anseo.

**(a)** **AN TRIAIL** (40 marc)

**(i)** "Mharaigh mé mo leanbh de bhrí gur cailín í. Tá sí saor. Ní bheidh sí ina hóinsín bhog ghéilliúil ag aon fhear."
Déan plé ar an bpáirt a ghlacann na fir sa dráma seo agus ar an léiriú a dhéantar orthu.

**NÓ**

**(ii)** Déan trácht ar an tragóid a léirítear sa dráma seo agus ar an gcaoi a gcuirtear an tragóid sin os ár gcomhair.

**(b)** **DRÁMA ROGHNACH** (40 marc)

**(i)** Maidir leis an dráma roghnach a ndearna tú staidéar air, déan plé ar theannas nó ar choimhlint a bhí idir na príomhphearsana ann agus ar an gcaoi ar chuidigh an teannas nó an choimhlint sin le téama an dráma a chur chun cinn.
[Ní mór teideal an dráma sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

**NÓ**

**(ii)** Maidir leis an dráma roghnach a ndearna tú staidéar air, déan plé ar phearsa **amháin** ann a raibh bá agat leis/léi **agus** ar phearsa **amháin** ann nach raibh bá agat leis/léi agus ar na fáthanna a ndeachaigh na pearsana sin i gcion ort ar an gcaoi sin.
[Ní mór teideal an dráma sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

| CEIST 3 | - FILÍOCHT - | [ 70 MARC] |
|---|---|---|

Freagair **A** (Filíocht Ainmnithe) **nó** **B** (Filíocht Roghnach) **agus** freagair **C** (Dánta Dualgais Breise) anseo.

## A - FILÍOCHT AINMNITHE - (35 mharc)

Freagair **(a)** **agus** **(b)** anseo.

**(a)** **(i)** "Is cumasach an léiriú a dhéantar sa dán, *Mac Eile Ag Imeacht* (thíos), ar thuiscint agus ar dhearcadh tuismitheoirí i dtaobh na himirce.
É sin a phlé. (12 mharc)

**(ii)** Déan trácht **gairid** ar an úsáid a bhaineann an file as codarsnachtaí (contrárthachtaí) sa dán seo.
(8 marc)

### MAC EILE AG IMEACHT

Cuirfimidne chun bóthair arís inniu
Chuig aerfort Bhaile Átha Cliath.
Deireadh an tsamhraidh buailte linn
Mac eile ag imeacht.
Eisean féin a thiománfaidh an carr
Tús curtha ar a thuras fada.
Ag mionchomhrá treallach, míloighciúil
Meilfimid an aimsir.

Staidéar ar ríomhtheangacha
A bheidh idir lámha aige.
Béarfaidh sé ar an bhfaill
Faoi spalladh gréine i Houston, Texas.
Tar éis slán a chur leis
Agus greim láimhe againn ar a chéile
Pléifimid na buntáistí a bheadh aige thall
Nach mbeadh ar fáil sa bhaile.

Gealgháireach, fuadrach a bheidh
Na stráinséirí inár dtimpeall.
Ní bhacfaimid le cupán caife
Siúlfaimid go dtí an carr go mall.
Deireadh an tsamhraidh buailte linn
Mac eile ag imeacht.

**NÓ**

**(i)** Cad é príomhthéama an dáin, *Chlaon Mé Mo Cheann* (thíos), dar leat? Déan plé **gairid** ar an gcaoi a gcuirtear an príomhthéama sin os ár gcomhair sa dán seo. (12 mharc)

**(ii)** Nóta **gairid** uait faoin gcúis, dar leat, ar roghnaigh an file an teideal sin. (8 marc)

### CHLAON MÉ MO CHEANN

Chlaon mé mo cheann
Ar eagla go ndearcfainn
An teach ar tógadh mé ann.
Ar eagla go bhfeicfinn
Mo mháthair sa doras
Agus í ag fanacht go himníoch liom,
Nó m'athair ag pilleadh
Tráthnóna le fonn.

Chlaon mé mo cheann
Ar eagla go scilfeadh
Gach bliain a scéal,
Ar eagla go bhfeicfinn
An strainséir sa doras
Is go ngéillfinn don racht
In mo chléibh.

**(b)** Maidir leis an dán, *Bríd Óg Ní Mháille* (thíos), déan plé **gairid** ar an léiriú a dhéantar ar chruachás an fhir atá i ngrá sa dán sin. (15 mharc)

**NÓ**

Maidir leis an dán, *Bríd Óg Ní Mháille* (thíos), déan trácht **gairid** ar éifeacht na húsáide a bhaineann an file, dar leat, as do rogha **dhá cheann** díobh seo a leanas:
atmaisféar; mothúcháin; meafair; meadaracht; friotal; íomhánna; simplíocht.

(15 mharc)

## BRÍD ÓG NÍ MHÁILLE

A Bhríd Óg Ní Mháille, 's tú d'fhág mo chroí cráite
's chuir tú arraingeacha báis trí cheartlár mo chroí;
tá na mílte fear i ngrá led éadan ciúin náireach
's go dtug tú barr breáchta ar Thír Oireall' más fíor.

Níl ní ar bith is áille ná grian os cionn gairdín
nó bláth bán na n-airne bhíos ag fás ar an draighean;
mar siúd a bhíos mo ghrá-sa le deise 's le breáchta,
a chúl tiubh na bhfáinní a bhfuil mo ghean ort le bliain.

Is buachaill deas óg mé 'tá ag triall chun mo phósta
's ní buan i bhfad beo mé mura bhfaighe mé mo mhian;
a chuisle 's a stórach, faigh réidh is bí romhamsa
go déanach Dé Domhnaigh ar bhóithrín Droim Chliabh.

Is tuirseach 's is brónach a chaithimse an Domhnach,
mo hata 'mo dhorn 's mé ag osnaíl go trom,
's mé ag amharc ar na bóithre a mbíonn mo ghrá geal ag góil ann
's í ag fear eile pósta 's gan í a bheith liom.

## B - FILÍOCHT ROGHNACH - (35 mharc)

Freagair **(a)** **agus** **(b)** anseo.

**(a)** **(i)** Maidir le dán nua-aimseartha a chum **bean** (agus a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), luaigh **dhá cheann** de na mothúcháin is mó atá le brath, dar leat, ar an dán sin agus inis cad a mhúscail na mothúcháin sin san fhile. Cad é do mheas ar an gcaoi a gcuirtear in iúl iad? (12 mharc)

**(ii)** Déan trácht **gairid** ar an úsáid a bhaineann an file as codarsnachtaí (contrárthachtaí) (**nó** as meafair) sa dán sin. (8 marc)

[Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile a chum é, a bhreacadh síos go cruinn.]

**NÓ**

**(i)** Maidir le dán **amháin** a chum **fear** (agus a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), cad é príomhthéama an dáin sin, dar leat? Déan plé **gairid** ar an gcaoi a gcuirtear an príomhthéama sin os ár gcomhair sa dán. (12 mharc)

**(ii)** Nóta **gairid** uait faoin gcúis, dar leat, ar roghnaigh an file an teideal áirithe sin. (8 marc)

[Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile a chum é, a bhreacadh síos go cruinn.]

**(b)** Maidir leis na dánta eile (a ndearna tú staidéar orthu i rith do chúrsa) **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, roghnaigh an dán is **seanaimseartha** díobh, luaigh an príomhthéama atá ann, dar leat, agus déan plé **gairid** ar an bhforbairt a dhéantar ar an bpríomhthéama ann.

[Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile a chum é, a bhreacadh síos go cruinn.]

(15 mharc)

**NÓ**

Maidir leis na dánta eile (a ndearna tú staidéar orthu i rith do chúrsa) **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, roghnaigh an dán is **seanaimseartha** díobh**,** déan trácht **gairid** ar éifeacht na húsáide a bhaineann an file, dar leat, as do rogha **dhá cheann** díobh seo a leanas:
meafair; íomhánna; atmaisféar; athrá; suíomh; meadaracht; simplíocht (nó castacht); eachtra.
[Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile a chum é, a bhreacadh síos go cruinn.]

(15 mharc)

## C - DÁNTA DUALGAIS BREISE - (35 mharc)

Freagair **(a) nó (b)** anseo.

**(a)** Freagair (i), (ii) **agus** (iii) thíos.

**(i)** Déantar cur síos an-éifeachtach agus an-drámatúil sa dán, *Cath Chéim an Fhia* (thíos), ar mhioneachtra a tharla le linn Chogadh na nDeachúna.
É sin a phlé. (20 marc)

**(ii)** Mínigh a bhfuil i gceist ag an bhfile sna línte seo a leanas:

*" 's é 'dúirt gach flaith 'nar mhaith leis triall*
*'Gluaisídh mear, tá an cath á riar*
*agus téimis 'na chomhair; "* (6 mharc)

**(iii)** Nóta **gairid** uait faoi na contrárthachtaí (codarsnachtaí) atá le brath ar an dán seo. (9 marc)

### CATH CHÉIM AN FHIA

Cois abhann Ghleanna an Chéama
in Uíbh Laoire 's ea bhímse,
mar a dtéann an fia san oíche
chun síorchodladh sóil,
ag machnamh seal liom féinig,
ag déanamh mo smaointe,
ag éisteacht i gcoilltibh
le binnghuth na n-eon;
nuair a chuala an cath ag teacht aniar,
glór na n-each ag teacht le sians,
le fuaim an airm gur chrith an sliabh
's níor bhinn liom a nglór,
gur thángadar go námhadmhar
mar a thiocfadh garda de chonaibh nimhe,
's mo chumha-sa na sáirfhir
do fágadh gan treoir.

Níor fhan bean ná páiste
i mbun áitribh ná tí acu
ach na gártha do bhí acu,
'gus mílte olagón,
ag féachaint ar an ngarda
ag teacht láidir 'na dtimpeall
ag lámhach is ag líonadh
's ag scaoileadh 'na dtreo.
An liú gur lean i bhfad i gcian –
's é 'dúirt gach flaith 'nar mhaith leis triall
'Gluaisídh mear, tá an cath á riar
agus téimis 'na chomhair;
do thángadar na sáirfhir
i gcoim áthais le Clanna Gaoidheal
's do chomáineadar na páintigh
le fánaidh ar seol.

**<u>NÓ</u>**

**(b)** Freagair (i), (ii) **<u>agus</u>** (iii) thíos.

**(i)** Maidir leis an dán, *Fiacha an tSolais* (thíos), déan plé **gairid** ar an bpríomhthéama ann agus ar an gcaoi a gcuirtear os ár gcomhair é.

(20 marc)

**(ii)** Mínigh a bhfuil i gceist ag an bhfile sna línte seo a leanas:

*"Ach an té a dhéanann faillí i bhfiacha an tsolais*
*nach follas go ndorchaíonn sé é féin d'aonturas."*

(6 mharc)

**(iii)** Nóta **gairid** uait faoi oiriúnacht an teidil, dar leat, dá bhfuil i gceist sa dán seo.

(9 marc)

**FIACHA AN tSOLAIS**

I mbathlach ceannslinne a chaith sé a shaol
leathbhealaigh i gcoinne Chnoc an tSéideáin;
druncaire, a raibh a dhreach is a dheilbh maol
agus lomchnámhach, macasamhail an screabáin
ina thimpeall, áit a bhfuarthas marbh é anuraidh
caite sa scrobarnach, lá polltach geimhridh:
a naoi mbliana fichead múchta ag ainíde dí,
is gan glór lena chaoineadh ach gocarsach cearc fraoigh.

Inniu, bhí fear an tsolais thuas ar bharr an tsimléara
ag scoitheadh sreanga leictreach. `Tá'n bás,' ar seisean,
agus é ag meabhrú ar bhás anabaí an úinéara,
`amhail gearradh cumhachta. Ainneoin ár dtola a thig sé
de ghnáth. Ach an té a dhéanann faillí i bhfiacha an tsolais
nach follas go ndorchaíonn sé é féin d'aonturas'.

| CEIST 4 | - STAIR NA GAEILGE - | [ 30 MARC] |
|---|---|---|

Scríobh gearrchuntas ar **<u>dhá cheann</u>** acu seo a leanas:-

**(a)** Do rogha **<u>beirt</u>** díobh seo:
Antaine Ó Reachtaire; Brian Merriman; Peadar Ó Doirnín; Peig Sayers; Liam Ó Flaithearta; Mairéad Ní Ghráda; Séamus Ó Néill; Síle Ní Chéilleachair.

**(b)** An Ghaeilge mar theanga Cheilteach (Is leor **<u>trí</u>** mhórphointe).

**(c)** An Rúraíocht (Is leor **<u>trí</u>** mhórphointe).

**(d)** Na Dánta Grá (Is leor **<u>trí</u>** mhórphointe).

**(e)** Athbheochan na Gaeilge (Is leor **<u>trí</u>** mhórphointe).

**(f)** Do rogha **dhá cheann** díobh seo:-

Ogham; na Gluaiseanna Sean-Ghaeilge; Logainmneacha na hÉireann.